Údarás na Gaeltachta

Scoláireacht i bhForbairt Ghnó

(Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí)

Tá Scoláireacht i **bhForbairt Ghnó** a mhairfidh suas le dhá bhliain á tairiscint ag Údarás na Gaeltachta d'iarratasóirí Gaeltachta le hoiliúint fhoirmiúil agus taithí phraiticiúil a fháil i réimse oibre na forbartha gnó. Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in Oifigí an Údaráis i nDaingean Uí Chúis, Co. Chiarraí agus ag obair ar thograí i nGaeltachtaí an Deiscirt.

Duine díograiseach le cáilíocht 3ú leibhéal agus cumas maith sa Ghaeilge agus sa Bhéarla le scileanna maithe ríomhaireachta, riaracháin agus eagrúcháin atá á lorg. Beidh taisteal i gceist leis an bpost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Íocfar liúntas €23,000 - €25,000 leis an duine a cheapfar.

Seol iarratas mar aon le CV as Gaeilge, roimh 5.i.n. ar an Aoine, 31ú Bealtaine chuig: **An Rannóg Acmhainní Daonna, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe**

Teil: 091 503100 **Ríomhphost:** foluntais@udaras.ie

Is fostóir comhionannais é Údarás na Gaeltachta agus is í an Gaeilge a theanga oibre.